



**AN BORD PLEANÁLA**  
**AN TACHT IOMPAIR (BONNEAGAR IARNRÓID) 2001**  
**(ARNA LEASÚ)**

**Iarratas ón Údarás um Bóithre Náisiúnta**  
**(ag feidhmiú mar Bonneagar Iompair Éireann) ("BIÉ")**  
**ar an Ordú um Iarnród (Luas - Fionnghlas – Droichead Broome**  
**go Baile Shéarlais) [2024].**

Déanfaidh BIÉ, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le hAlt 37 den Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001 (arna leasú) (an "tAcht"), iarratas ar an Luan, an 18 Samhain 2024 nó dá éis, chuig an mBord Pleanála le haghaidh Ordú Iarnróid (Luas - Fionnghlas – Droichead Broome go Baile Shéarlais) [2024] de bhun fhorálacha an Aichta.

**Ordú Iarnróid Beartaithe**

Údaróidh an tOrdú Iarnróid, má dheonaítear é, do BIÉ na hoibreacha iarnróid a dhéanamh mar atá leagtha amach san Ordú Iarnróid, lena n-áirítear na hoibreacha go léir is gá chun go bhféadfar iarnród atá ainmnithe mar iarnród éadrom a thógáil, a oibriú, a chothabháil agus a fheabhsú, lena n-áirítear, inter alia, síneadh ó thuaidh den Líne Uaine Luas a thógáil, thart ar 3.9km ar fad, óna stáisiún ceann aistir reatha i nDroichead Broome go stáisiún ceann aistir nua i mBaile Shéarlais, in aice leis an aomhal N2-M50, le 4 stad nua, struchtúir droichid, áiseanna agus bonneagar rothaíochta, áis pháirceáil agus taistil nua amháin agus síneadh nua chuig saoráidí stáblaíochta iosta Dhroichead Broome. De bhun alt 43(5) den Acht, féadfaidh BIÉ, le toiliú an Aire Iompair, socruithe a dhéanamh le duine eile chun an t-iarnród nó na hoibreacha iarnróid lena mbaineann an t-ordú a dhéanamh, a chothabháil, a fheabhsú nó a oibriú.

Is éard a bheidh sna hoibreacha iarnróid atá beartaithe mar atá leagtha amach san Ordú Iarnróid go ginearálta, gan a bheith teoranta don mhéid céanna, ná iarnród thart ar 3.9 ciliméadar ar fad a ritheann ó stáisiún ceann aistir na Líne Uaine atá ann cheana féin ag Droichead Broome go dtí stáisiún ceann aistir nua ag Baile Shéarlais a thógáil, lena n-áirítear áiseanna agus bonneagar rothaíochta. Trasnóidh an t-aillíniú ráille thar líne reatha Iarnród Éireann Má Nuad agus an Chanáil Ríoga trí struchtúr droichid, leanfaidh sé ar aghaidh feadh Bhóthar Dhroichead Broome, trasnóidh sé an Tulcha trí struchtúr droichid eile agus leanfaidh sé ar aghaidh trí Pháirc Ghleann na Tulchann. Rachaidh an t-aillíniú trasna Bhóthar Ghleann na Tulchann agus leanfaidh sé ar aghaidh feadh iar-Ghleann Shruith Choill Fhionnghlaise le teacht chomh fada le stad San Eiléana sula dtrasnóidh sé chuig páirceanna Fhearnáin a mhodhnófar chun freastal ar an scéim. Leanfaidh an líne ar aghaidh tríd an bpáirc agus trasnóidh sí Bóthar Chnocán an Tobair isteach i bPlás Thobar Phádraig, áit a ndéanfar an bóthar rochtana atá ann faoi láthair a athrú. Sínfidh an t-aillíniú ar aghaidh idir forbairt reatha Chúirt na bhFiach agus Stáisiún Gardaí Fhionnghlaise chun teacht chomh fada le stad Shráidbhaile Fhionnghlaise. Beidh an líne á rith ansin comhthreomhar leis an mbóthar N2 sula dtrasnóidh sí an timpeallán atá ann cheana a gcuirfead aomhal comharthaithe comhréidh ina ionad. Tógfar struchtúr ilstórách páirceála agus taistil sa cheantar seo. Casfar an t-aillíniú ansin ar Bhóthar San Maighréad áit a mbeidh stad San Maighréad suite. Leanfaidh an bealach ar aghaidh ó thuaidh sula sroichfidh sé stáisiún ceann aistir Bhaile Shéarlais, áit a ndéanfar an t-aomhal atá ann le Bóthar Uí Mhaoilmhichíl a athchumrú.

Cuimseoidh na hoibreacha iarnróid atá beartaithe mar atá leagtha amach san Ordú Iarnróid agus comharthaíocht iarnróid, córais cheannais agus rialaithe agus cumarsáide; soláthar áiseanna agus bonneagar rothaíochta, soláthar fostáisiúin leictreachais; compúin shealadacha tógála a bhunú; bainistíocht tráchta shealadach agus atreoruithe bóthair a bhunú; bealaí rochtana nua agus athailínithe agus feabhsuithe ar aomhail bhóithre; atreorú ar na fóntais atá ann cheana féin; bonneagar nua draenála a sholáthar; bearta maolaithe comhshaoil a sholáthar; agus mionathruithe bonneagair eile chun an tionscadal foriomlán a éascú.

Áirítear freisin leis an Ordú Iarnróid, má dheonaítear é, cumhachtaí do BIÉ talamh nó cearta a fháil go héigeantach i dtalamh, faoi thalamh nó thar thalamh, nó in aon aerspás, a shonraítear san ordú; talamh, nó aon aerspás, a shonraítear san ordú a fháil agus a áitiú go sealadach; éasúintí agus cearta eile a fháil thar thalamh a shonraítear san ordú (lena n-áirítear cearta atá ann nó a údaráítear do BIÉ a chruthú); cearta poiblí, lena n-áirítear cearta slí poiblí a shonraítear san ordú a chealú; agus déantar foráil an maidir le cearta eile thar thalamh.

Tá na hoibreacha iarnróid atá beartaithe mar atá leagtha amach san Ordú Iarnróid faoi réir Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus Measúnachta Cuí agus maidir leis sin tá Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta, Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Chúí, agus Ráiteas Tionchair Natura á gcúir isteach leis an iarratas.

**Cineálacha cinntí a fhéadfaidh an Bord Pleanála a dhéanamh**

De réir alt 43(2) den Acht, déanfaidh an Bord Pleanála:-

- más dóigh leis gur ceart iarratas a dheonú, déanfaidh sé an tOrdú Iarnróid, faoi réir cibé coinníollacha, modhnuithe, srianta agus ceanglais (agus ar cibé téarmaí eile) is cúil leis an mBord agus a shonróidh sé san ordú, nó
- más dóigh leis nár cheart an t-iarratas a dheonú, diúltú an tOrdú Iarnróid a dhéanamh.

Beidh na doiciméid seo a leanas san iarratas ar Ordú Iarnróid:

- Dréacht den Ordú Iarnróid atá beartaithe, dar teideal "An tOrdú Iarnróid (Luas - Fionnghlas – Droichead Broome go Baile Shéarlais) [2024]";
- Plean de na hoibreacha iarnróid atá beartaithe;
- Leabhar tagartha do phlean na n-oibreacha iarnróid atá beartaithe (ina léirítear céannacht úinéirí agus áititheoirí na dtailte a thuiriscítear sa phlean);
- Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta ina ndéantar measúnú ar na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheidh ag na hoibreacha iarnróid atá beartaithe ar an gcomhshaoil; agus
- Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Chúí agus Ráiteas Tionchair Natura.

**AN BORD PLEANÁLA**  
**TRANSPORT (RAILWAY INFRASTRUCTURE) ACT 2001**  
**(AS AMENDED)**

**Application by the National Roads Authority**  
**(operating as Transport Infrastructure Ireland) ("TII")**  
**for the Railway (Luas Finglas – Broombridge to Charlestown)**  
**Order [2024].**

TII, in exercise of the powers conferred upon it by Section 37 of the Transport (Railway Infrastructure) Act 2001 (as amended) (the "Act"), will apply on or after Monday 18th November 2024 to An Bord Pleanála for a Railway (Luas Finglas – Broombridge to Charlestown) Order [2024] pursuant to the provisions of the Act.

**Proposed Railway Order**

The Railway Order, if granted, will authorise TII to carry out the railway works as set out in the Railway Order including all works necessary to enable the construction, operation, maintenance and improvement of a railway designated as a light railway including, inter alia, the construction of a northern extension of the Luas Green Line, approximately 3.9km long, from its current terminus in Broombridge to a new terminus in Charlestown, in close proximity to the N2-M50 interchange, with 4 new stops, bridge structures, cycling facilities and infrastructure, one new park and ride and a new extension to Broombridge depot stabling facilities. Pursuant to section 43(5) of the Act, TII may, with the consent of the Minister for Transport, make arrangements with another person to construct, maintain, improve or operate the railway or the railway works to which the order relates.

The proposed railway works as set out in the Railway Order will generally comprise but are not limited to the construction of a Railway approximately 3.9 kilometres in length running from the existing Green Line terminus at Broombridge to a new terminus at Charlestown including cycling facilities and infrastructure. The track alignment will cross over the existing Iarnród Éireann Maynooth line and Royal Canal via a bridge structure, continue along Broombridge Road, cross the Tolka River via another bridge structure and continue through Tolka Valley Park. The alignment will cross Tolka Valley Road and continue along the former Finglaswood Stream Valley to arrive at St Helena's stop before crossing to Farnham pitches which will be modified to accommodate the scheme. The line will continue through the park and cross Wellmount Road into Patrickswell Place, where the existing access road will be realigned. The alignment will proceed between the existing Ravens Court development and Finglas Garda Station to arrive at Finglas Village stop. The line will then run parallel to the N2 road before crossing the existing roundabout which will be replaced with an at grade signalised junction. A multi-storey park and ride structure will be constructed in this area. The alignment will then turn onto St Margaret's Road where the St Margaret's stop will be located. The route will continue northwards before arriving at the Charlestown terminus where the existing junction with Melville Road will be reconfigured.

The proposed railway works as set out in the Railway Order will also include railway signalling, command and control and communications systems; provision of cycling facilities and infrastructure, provision of electrical substations; establishment of temporary construction compounds; establishment of temporary traffic management and road diversions; new and realigned access routes and road junction improvements; diversion of existing utilities; provision of new drainage infrastructure; provision of environmental mitigation measures; and other infrastructural modifications to facilitate the overall project.

The Railway Order, if granted, also includes powers for TII to acquire compulsorily land or rights in, under or over land, or any airspace, specified in the order; to temporarily acquire and occupy land, or any airspace, specified in the order; to acquire easements and other rights over land specified in the order (including rights which exist or which TII is authorised to create); to extinguish public rights including public rights of way specified in the order; and provides for other rights over land.

The proposed railway works as set out in the Railway Order are subject to an Environmental Impact Assessment and an Appropriate Assessment and in that regard an Environmental Impact Assessment Report, an Appropriate Assessment Screening Report, and a Natura Impact Statement are being submitted with the application.

**Types of decisions that may be made by An Bord Pleanála**

In accordance with section 43(2) of the Act, An Bord Pleanála:-

- if it is of opinion that the application should be granted, shall make the Railway Order, subject to such conditions, modifications, restrictions and requirements (and on such other terms) as the Board thinks proper and specifies in the order, or
- if it is of opinion that the application should not be granted, refuse to make the Railway Order.

The Railway Order application will include the following documentation:

- A draft of the proposed Railway Order, entitled "Railway (Luas Finglas – Broombridge to Charlestown) Order [2024]";
- A plan of the proposed railway works;
- A book of reference to the plan of the proposed railway works (indicating the identity of the owners and of the occupiers of the lands described in the plan);
- An Environmental Impact Assessment Report assessing the likely significant effects on the environment of the proposed railway works; and
- An Appropriate Assessment Screening Report and Natura Impact Statement.



#### Iníúchadh ar an dréacht-Ordú Iarnróid agus an doiciméadacht a ghabhann leis.

Féadfar cóip den dréacht-Ordú Iarnróid agus den doiciméadacht a ghabhann leis an iarratas a iniúchadh saor in aisce le linn gnáthuaireanta oifige nó uaireanta oscailte ón 22 Samhain 2024 go dtí an 20 Eanáir 2025 ag na háiteanna seo a leanas:

- An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902;
- Rannóg Pleanála, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí Cathartha, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F;
- Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae, An Phríomhshráid, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath, K67 X8Y2;
- Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8, D08 DK10, Éire; agus
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), Teach Mhargadh an Fhéir, Margadh an Fhéir, Baile Átha Cliath 7, D07 CF98

Féadfar an dréacht-Ordú Iarnróid agus an doiciméadacht a ghabhann leis an iarratas a fheiceáil go leictreonach freisin ag: [www.luasfinglasro.ie](http://www.luasfinglasro.ie) ón 15 Samhain 2024.

#### Cáipéisíocht a Cheannach

Is féidir cóipeanna den doiciméadacht, nó sleachta as, a ghabhann leis an iarratas ar an Ordú Iarnróid a cheannach ach táille a íoc nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann leis an gcóip nó an síocht sin a dhéanamh ó Bhoneagar Iompair Éireann (BIÉ), Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8, D08 DK10, Éire. Féadfar iarratais cheannaigh den sórt sin a sheoladh chuig Bonneagar Iompair Éireann, Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8, D08 DK10 nó [info@luasfinglas.ie](mailto:info@luasfinglas.ie) nó trí ghlaoch a chur ar 1800 666 888.

#### Aighneachtaí i Scríbhinn

Is é an Bord Pleanála an t-údarás inniúil atá freagrach as an gcinneadh a dhéanamh maidir leis an ordú a dheonú nó gan é a dheonú, ónár féidir faisnéis ábhartha a fháil agus ar féidir tuairimí nó ceisteanna a chur faoina bhráid. Breithneoidh an Bord Pleanála aon aighneachtaí a chuirfidh aon daoine faoina bhráid i scríbhinn maidir leis an dréacht-Ordú Iarnróid nó maidir leis na héifeachtaí is dócha a bheidh ag na hoibreacha iarnróid atá beartaíte ar an gcomhshaoil, agus na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheidh ag na hoibreacha iarnróid atá beartaíte, ar Láithreáin Eorpacha. Ní mór aon aighneacht a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord Pleanála idir an 22 Samhain 2024 agus [5:30i.n.] an 20 Eanáir 2025 agus ní mór táille €50 a bheith ag gabháil léi. Tabhair faoi deara nach bhfuil an táille seo iníocht agus comhlachtaí forordaithe áirithe nó ag daoine a bhféadfaí a dtailte a fháil faoin dréacht-Ordú Iarnróid.

Ní mór aighneachtaí a chur isteach tráth nach déanaí ná 5.30i.n. ar an 20 Eanáir 2025 agus ní mór iad a sheoladh chuig: An Bord Pleanála (an Rannóg Bonneagar Straitéisigh), 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 agus iad marcáilte "Ordú Iarnróid (Luas - Fionnghlas - Droichead Broome go Baile Shéarlais) [2024]". Is féidir aighneachtaí a dhéanamh freisin ar shuíomh gréasáin an Bhoird Pleanála ag an seoladh seo a leanas: <https://online.pleanala.ie/ga-ie/sid/observation>. [Ní cheanglaítear ar dhaoine a bhféadfaí a dtailte a fháil faoin dréacht-Ordú Iarnróid táille a íoc agus is féidir leo a mbarúil a sheoladh trí ríomhphost ([laps@pleanala.ie](mailto:laps@pleanala.ie)), tríd an bpost, nó de lámh chuig oifigí an Bhoird Pleanála.]

#### Éisteacht Ó Bhéal

De bhun alt 42 den Acht, féadfaidh an Bord Pleanála, dá lánrogha féin, éisteacht ó bhéal a chur ar siúl san iarratas ar Ordú Iarnróid.

#### Athbhreithniú Breithiúnach

Féadfaidh duine bailíocht chinneadh an Bhoird Pleanála a cheistiú trí iarratas ar athbhreithniú breithiúnach faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna, 1986 (arna leasú) (I.R. Uimh. 15 de 1986 arna leasú) agus de réir alt 47 agus 47A den Acht. Is féidir teacht ar fhaisnéis phraiticiúil faoina sásra athbhreithnithe faoin gceannuideal 'Fógraí Díl' - 'Fógra Athbhreithnithe Bheithiúnaigh' ar shuíomh gréasáin an Bhoird Pleanála <https://www.pleanala.ie/en-IE/Judicial-Review-Notice> nó ar shuíomh gréasáin Fhaisnéis do Shaoránaigh <https://www.citizensinformation.ie/ga/>

Sínte: Sandra McCarthy,  
Rúnaí an Údarás

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (ag feidhmiú mar Bhoneagar Iompair Éireann),  
Bonneagar Iompair Éireann,  
Ionad Gnó Gheata na Páirce  
Sráid Gheata na Páirce,  
Baile Átha Cliath 8,  
D08 DK10,  
Éire.

13 Samhain 2024

Tá Tuilleadh Eolais ar Fáil ag:

Seoladh Poist: Luas (Fionnghlas), Bonneagar Iompair Éireann  
Ionad Gnó Gheata na Páirce,  
Sráid Gheata na Páirce,  
Baile Átha Cliath 8,  
D08 DK10.

Suíomh Gréasáin: [www.luasfinglasro.ie](http://www.luasfinglasro.ie)

Ríomhphost: [info@luasfinglas.ie](mailto:info@luasfinglas.ie)

Teileafón: 1800 666 888

#### Inspection of the draft Railway Order and accompanying documentation

A copy of the draft Railway Order and the documentation accompanying the application may be inspected free of charge during normal office or opening hours from 22nd November 2024 until the 20th January 2025 at:

- An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902;
- Planning Department, Dublin City Council, Civic Offices, Wood Quay, Dublin 8, D08 RF3F;
- Planning Department, Fingal County Council, County Hall, Main Street, Swords, County Dublin, K67 X8Y2;
- Transport Infrastructure Ireland (TII), Parkgate Business Centre, Parkgate Street, Dublin 8, D08 DK10, Ireland; and
- National Transport Authority (NTA), Haymarket House, Haymarket, Dublin 7, D07 CF98

The draft Railway Order and the documentation accompanying the application may also be viewed electronically at: [www.luasfinglasro.ie](http://www.luasfinglasro.ie) from the 15th November 2024.

#### Purchase of Documentation

Copies of, or extracts from, the documentation accompanying the application for the Railway Order may be purchased on payment of a fee not exceeding the reasonable cost of making such copy or extract from Transport Infrastructure Ireland (TII), Parkgate Business Centre, Parkgate Street, Dublin 8, D08 DK10, Ireland. Such purchase requests may be sent to Transport Infrastructure Ireland, Parkgate Business Centre, Parkgate Street, Dublin 8, D08 DK10 or [info@luasfinglas.ie](mailto:info@luasfinglas.ie) or by calling 1800 666 888.

#### Written Submissions

An Bord Pleanála is the competent authority responsible for taking the decision whether or not to grant the order, from which relevant information can be obtained and to which comments or questions can be submitted. An Bord Pleanála will consider any submissions which are submitted in writing to it by any persons in relation to the draft Railway Order or in relation to the likely effects on the environment of the proposed railway works, and the likely significant effects of the proposed railway works, on European Sites. Any submission must be made in writing to An Bord Pleanála between 22nd November 2024 and [5:30pm] on 20th January 2025 and be accompanied by a fee of €50. Please note this fee is not payable by certain prescribed bodies or persons whose lands may be acquired under the draft Railway Order.

Submissions must be lodged no later than 5.30pm on 20th January 2025 and must be addressed to An Bord Pleanála (Strategic Infrastructure Division), 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902 and marked "Railway (Luas Finglas - Broombridge to Charlestown) Order [2024]". Submissions can also be made on the An Bord Pleanála website at the following address: <https://online.pleanala.ie/en-IE/sid/observation>. [Persons whose lands may be acquired under the draft Railway Order are not required to pay a fee and can send their observation by email ([laps@pleanala.ie](mailto:laps@pleanala.ie)), by post, or by hand to the offices of An Bord Pleanála.]

#### Oral Hearing

Pursuant to section 42 of the Act, An Bord Pleanála may, at its absolute discretion, hold an oral hearing into the application for a Railway Order.

#### Judicial Review

A person may question the validity of the decision of An Bord Pleanála by way of an application for judicial review under Order 84 of the Rules of the Superior Courts, 1986 (as amended) (S.I. No. 15 of 1986 as amended) and in accordance with section 47 and 47A of the Act. Practical information on the review mechanism can be assessed under the heading 'Legal Notices' - 'Judicial Review Notice' on An Bord Pleanála website <https://www.pleanala.ie/en-IE/Judicial-Review-Notice> or on the Citizen's Information website [www.citizensinformation.ie](http://www.citizensinformation.ie)

Signed: Sandra McCarthy,  
Secretary to the Authority

National Roads Authority (operating as Transport Infrastructure Ireland),  
Transport Infrastructure Ireland,  
Parkgate Business Centre,  
Parkgate Street,  
Dublin 8,  
D08 DK10,  
Ireland.

13th November 2024

Further Information is Available from:

Postal: Luas Finglas, Transport Infrastructure Ireland,  
Parkgate Business Centre,  
Parkgate Street,  
Dublin 8,  
D08 DK10.

Website: [www.luasfinglasro.ie](http://www.luasfinglasro.ie)

Email: [info@luasfinglas.ie](mailto:info@luasfinglas.ie)

Telephone: 1800 666 888